Teaghlach i mbaol

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi theaghlach atá faoi bhagairt i gCathair Luimnigh. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- An raibh tú riamh i gCathair Luimnigh? Cad é do bharúil faoin chathair sin?
- Cén fáth a mbíonn Luimneach sa nuacht go minic?
- Ar cheart go mbeadh cead ag na Gardaí gunnaí a bheith acu?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. Minister for Justice _____
2. it's confirmed _____
3. who had to … _____
4. relocate _____
5. abroad _____
6. criminal gangs _____
7. courageous _____
8. his cousin was shot _____
9. most powerful _____
10. members of Wayne's gang _____
11. intolerable _____
12. implemented _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus scríobh síos achoimre uirthi. Léigh amach an méid a scríobh tú don duine in aice leat.

Ceist 4 A. Féach ar na samplaí seo thíos den mhodh ordaitheach. An féidir leat féin agus an duine in aice leat na rialacha éagsúla a bhaineann leis a dhéanamh amach? Féachaigí ar an chló trom chun cuidiú libh.

Tóg **d'**am.	Tógaigí **bhur n**-am.
Ceann**aigh** ceann domsa.	Ceann**aígí** ceann domsa.
Éirigh!	Éirígí!
Bí ciúin	Bígí ciúin
Ná bris aon rud.	Ná bris**igí** aon rud
Ná habair sin	Ná habraigí sin

B. Iarr ar an duine in aice leat anois cúpla gar a dhéanamh duit. Bain úsáid as na briathra a bhí sa mhír:

tabhair / deir / diúltaigh / seas / cuir

C. Conas a d'iarrfá ar do mhúinteoir rud éigin a dhéanamh duit?

Ceist 5 **A.** Labhair leis an duine in aice leat faoi na rialacha a bhaineann leis an aimsir fháistineach. Bainigí úsáid as na briathra seo chun na rialacha a mhíniú.

Buail
Ól
Ceannaigh
Imir

B. Cad faoi na briathra mírialta?

C. Athscríobh na habairtí seo ón mhír san aimsir fháistineach:

- Thug an stát gach cúnamh do theaghlach Steve Collins.
- Dúirt an tAire Slatter go raibh tacaíocht iomlán ón stát tuillte acu mar gheall ar chomh cróga is a bhí siad.
- Thug gaol le Roy Collins fianaise don chúirt.
- Cuireadh go príosún é ar feadh seacht mbliana.

Ceist 6 '...Cathair Luimnigh...'

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus breacaigí síos príomhchathracha na tíre.

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1
Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2
Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1. Minister for Justice	*An tAire Dlí agus Cirt*
2. it's confirmed	*tá sé dearbhaithe*
3. who had to	*arbh éigean dó*
4. relocate	*athlonnú*
5. abroad	*thar lear*
6. criminal gangs	*buíonta coiriúlachta*
7. courageous	*cróga*
8. his cousin was shot	*lámhachadh a chol ceathrair*
9. most powerful	*is cumhachtaí*
10. members of Wayne's gang	*baill de bhuíon Wayne*
11. intolerable	*dofhulaingthe*
12. implemented	*curtha i gcrích*

Ceist 3
Tabhair tamall do gach foghlaimeoir achoimre ghairid a scríobh agus ansin iarr ar gach beirt na hachoimrí a léamh dá chéile.

Ceist 4
A. An modh ordaitheach:

- Sa mhodh ordaitheach uatha baintear úsáid as fréamh an bhriathair.
- Sa mhodh ordaitheach iolra cuirtear na deirí seo leis an bhriathar:
  - An chéad réimniú, leathan – aigí
  - An chéad réimniú, caol – igí
  - An dara réimniú, leathan – aígí
  - An dara réimniú, caol – ígí
- Sa mhodh ordaitheach, cuirtear **Ná** roimh an bhriathar chun an fhoirm dhiúltach a chumadh. Cuirtear **h** ar ghutaí a thagann i ndiaidh **Ná**.
- Ná déan dearmad an aidiacht shealbhach ceart a úsáid san uatha agus san iolra: Tóg **d'**am. Tógaigí **bhur n**-am.

Cuir na foirmeacha de na briathra mírialta ar a súile dóibh más gá:

Tar	Tagaigí	Téigh	Téigí
Feic	Feicigí	Abair	Abraigí
Déan	Déanaigí	Beir	Beirigí
Faigh	Faighigí	Tabhair	Tugaigí
Ith	Ithigí		

B. Cleachtadh cainte atá i gceist anseo.

C. Uaireanta baintear úsáid as an mhodh coinníollach, seachas an modh ordaitheach, le béasa a chur in iúl. Mar shampla:

1. Ar mhiste leat an doras a dhúnadh?
2. An bhféadfá an doras a dhúnadh?
3. An ndúnfá an doras, le do thoil?

Ceist 5

A.BUAIL
An *mb*uailfidh tú liom amárach? Buailfidh. / Ní *bh*uailfidh.

buailfidh mé	buailfimid
buailfidh tú	buailfidh sibh
buailfidh sé/sí	buailfidh siad

ÓL
An ólfaidh sí deoch leat? Ólfaidh. / Ní ólfaidh.

ólfaidh mé	ólfaimid
ólfaidh tú	ólfaidh sibh
ólfaidh sé/sí	ólfaidh siad

An dara réimniú

CEANNAIGH
An *gc*eannóidh tú an páipéar dom? Ceannóidh. / Ní *ch*eannóidh.

ceannóidh mé	ceannóimid
ceannóidh tú	ceannóidh sibh
ceannóidh sé/sí	ceannóidh siad

IMIR
An imreoidh sibh cluiche *cardaí* liom? Imreoidh / Ní imreoidh

imreoidh mé	imreoimid
imreoidh tú	imreoidh sibh
imreoidh sé/sí	imreoidh siad

B. Na Briathra Mírialta san Aimsir Fháistineach:

ABAIR	**FAIGH**
déarfaidh mé	gheobhaidh mé
déarfaidh tú	gheobhaidh tú
déarfaidh sé/sí	gheobhaidh sé/sí
déarfaimid	gheobhaimid
déarfaidh sibh	gheobhaidh sibh
déarfaidh siad	gheobhaidh siad
BEIR	**FEIC**
béarfaidh mé	feicfidh mé
béarfaidh tú	feicfidh tú
béarfaidh sé/sí	feicfidh sé/sí
béarfaimid	feicimid
béarfaidh sibh	feicfidh sibh
béarfaidh siad	feicfidh siad
BÍ	**ITH**
beidh mé	íosfaidh mé
beidh tú	íosfaidh tú
beidh sé/sí	íosfaidh sé/sí
beimid	íosfaimid
beidh sibh	íosfaidh sibh
beidh siad	íosfaidh siad

CLOIS	**TABHAIR**
cloisfidh mé	tabharfaidh mé
cloisfidh tú	tabharfaidh tú
cloisfidh sé/sí	tabharfaidh sé/sí
cloisfimid	tabharfaimid
cloisfidh sibh	tabharfaidh sibh
cloisfidh siad	tabharfaidh siad
DÉAN	**TAR**
déanfaidh mé	tiocfaidh mé
déanfaidh tú	tiocfaidh tú
déanfaidh sé/sí	tiocfaidh sé/sí
déanfaimid	tiocfaimid
déanfaidh sibh	tiocfaidh sibh
déanfaidh siad	tiocfaidh siad
	TÉIGH
	rachaidh mé
	rachaidh tú
	rachaidh sé/sí
	rachaimid
	rachaidh sibh
	rachaidh siad

C.

- Thug an stát gach cúnamh do theaghlach Steve Collins.
- *Tabharfaidh an stát gach cúnamh do theaghlach Steve Collins.*
- Dúirt an tAire Slatter go raibh tacaíocht iomlán ón stát tuillte acu mar gheall ar chomh cróga is a bhí siad.
- *Déarfaidh an tAire Slatter go mbeidh tacaíocht iomlán ón stát tuillte acu mar gheall ar chomh cróga is a bhí siad.*
- Thug gaol le Roy Collins fianaise don chúirt.
- *Tabharfaidh gaol le Roy Collins fianaise don chúirt.*
- Cuireadh go príosún é ar feadh seacht mbliana.
- *Cuirfear go príosún é ar feadh seacht mbliana.*

Ceist 6

Baile Átha Cliath/ Cathair Bhaile Átha Cliath
Béal Feirste/ Cathair Bhéal Feirste
Corcaigh/ Cathair Chorcaí
Gaillimh/ Cathair na Gaillimhe

Eimear Ní Chonaola

Tá sé dearbhaithe ag an Aire Dlí agus Cirt, Alan Shatter, gur thug an stát chuile chúnamh do theaghlach Steve Collins as Cathair Luimnigh arbh éigean dó athlonnú thar lear mar gheall ar bhagairtí ó bhuíonta coiriúlachta sa gcathair[1]. Dúirt an tAire Shatter go raibh tacaíocht iomlán ón stát tuillte acu mar gheall ar chomh cróga is a bhí siad.

Grett O'Connor

Dúnmharaíodh Roy Collins, a bhí cúig bliana is tríocha d'aois, i mí Aibreáin dhá mhíle is a naoi. Cúig bliana roimis[2] sin lámhachadh col ceathrair leis de bharr gur dhiúltaigh sé cead isteach i dtigh[3] tábhairne do dhuine de mhuintir Wayne Dundon, ceannaire ceann de na buíonta is cumhachtaí i Luimneach. Thug gaol le Roy Collins fianaise don chúirt[4] sa chás sin, gur bhagair Wayne Dundon go maródh sé duine den teaghlach de bharr gur sheas sé ina choinne. Cuireadh go príosún é ar feadh seacht mbliana as ucht an bhagairt[5] sin a dhéanamh.

Le trí bliana anuas deir Steve Collins, athair Roy Collins, go raibh an teaghlach á bhagairt an t-am ar fad ag baill de bhuíon Wayne Dundon agus go raibh a saol dofhulaingthe dá bharr sin. Tá sé dearbhaithe ag na Gardaí go rabhthas ag obair le beagnach bliain anuas ar phlean chun Steve Collins agus a theaghlach a athlonnú thar lear. Inniu tá an t-athlonnú sin curtha i gcrích, tá tigh tábhairne Steve Collins ceannaithe ag an stát le tiontú ina ionad pobail do dheisceart chathair Luimnigh. Grett O'Connor, Nuacht TG4.

---

[1] *sa chathair* a mholtar sa chaighdeán
[2] *roimhe* sa chaighdeán
[3] *tigh* a deirtear le haghaidh *teach* i gcanúint na Mumhan
[4] *don gcúirt* a deirtear
[5] *an mbagairt* a deirtear